Cuntas Leithreasa 2018

# Vóta 37

# Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Shóisialach

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 37, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d’ullmhaigh mé an cuntas ar ceangal ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 do thuarastail agus costais an Vóta d’Oifig an Aire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, lena n-áirítear seirbhísí áirithe a riar an Oifig sin, d’íocaíochtaí leis an gCiste Árachais Shóisialaigh (CÁS) agus as deontais áirithe.

Cuirtear toradh an chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna

- arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2018, lena n-áirítear an tsuim a d’fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
- arna gcur ar fáil do sheirbhísí soláthair caipitil i 2018 as leithreasaí neamhchaite 2017, faoi na socruithe iarchurtha géillte a bhunaigh alt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Tá barrachas €38.887 milliún faoi dhliteanas lena thabhairt suas don Státchiste.

Tá an Ráiteas ar Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1-6 mar chuid den chuntas.

***Soláthar seirbhísí gníomhaireachta***

Leanann an Roinn Airgeadais ag gníomhú mar ghníomhaire íocaíochta den Roinn Airgeadais ar mhaithe le dliteanais fhaofa íocaíochtaí cnapshuime phinsinéirí Chriostal Phort Láirge a dhíscaoileadh agus íocaíochtaí pinsin leanúnacha Chriostal Phort Láirge faoi alt 48B d’Acht na bPinsean 1990, arna chur isteach le halt 4 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Uimh. 2) 2014. Tarraingíonn an Roinn cistiú anuas ón Lár-Chiste agus aistríonn an Roinn é chuig an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, a chuir tús leis na híocaíochtaí aonair a phróiseáil ó Dheireadh Fómhair 2017. Déantar na suimeanna a íocadh a thuairisciú sna cuntais Airgeadais.

## An Ráiteas ar Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa, a leagan an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe amach i gCiorclán 24 de 2018, i bhfeidhm agus an cuntas seo á ullmhú, seachas na nithe seo a leanas.

***Ró-íocaíochtaí a aisghabháil***

Cuirtear aisghabháil fiachais i dtaca le ró-íocaíochtaí scéime ginearálta/tacaíochta ioncaim i gcuntas mar seo a leanas.

- Cuirtear aisghabhálacha airgid thirim agus asbhainte ar an dáta a dhéantar iad a mheaitseáil i gcoinne an tsealbhóra ábhartha fiachais. Coimeádtar suimeanna neamh-mheaitseáilte aisghabhála ar feitheamh agus cuirtear i gcuntas iad mar ioncam a dhéanann laghdú comhfhreagrach ar fhiachas nuair a aithnítear iad. Mar gheall gurb é Vóta 37 an príomhfhaighteoir fáltais ró-íocaíochta, coimeádtar fáltais neamh-mheaitseáilte i gcuntas fionraí ar feitheamh réitigh agus cuirtear iad i gcuntas i Vóta 37 nó sa Chiste Árachais Shóisialaigh (CÁS), faoi mar is cuí.

- Caitear le haisghabhálacha airgid thirim agus asbhainte i dtaca le blianta cuntasaíochta roimhe seo mar ioncam den na bliana reatha cuntasaíochta.Déantar aisghabhálacha airgid thirim agus asbhainte i dtaca leis an mbliain reatha chuntasaíochta a ghlanluacháil i gcoinne an chaiteachais don bhliain reatha chuntasaíochta.

***Íocaíochtaí a aithint***

Is ionann íocaíochtaí agus na suimeanna a íoctar i rith na bliana. Meastar go bhfuil suimeanna tagtha isteach nuair a bhíonn íocaíocht á déanamh sa chás gur taibhíodh an dliteanas, go bhfuil an íocaíocht dlite agus gur cuireadh an treoir don íocaíocht (seic nó ríomhaistriú airgid) i bhfeidhm ar an gcóras ábhartha íocaíochta. Aithnítear íocaíochtaí leasa airgid thirim a dhéantar trí An Post nuair a íoctar amach iad. Sa chás go dtagann an gnáthdháta íocaíochta aníos ar Lá Saoire Bainc, d'fhéadfadh gur gá íocaíochtaí a eisiúint go luath. Ag deireadh na bliana, is gnách go n-aithnítear íocaíochtaí a eisíonn bainc trí ríomhaistriú airgid nó trína dtiontú ina n-airgead go luath ag custaiméirí in Oifigí Poist, a thagraíonn don bhliain ina dhiaidh sin, mar réamhíocaíochtaí.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach a dhearbhú go réasúnta seachas go hiomlán go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Próiseas leanúnach atá sa chóras rialuithe inmheánacha a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte chun seirbhís chomhroinnte acmhainní daonna agus phárolla a sholáthar.

Braithim ar litir dhearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Vóta na Seirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí nuair a bhíonn seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas.
- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus sannadh an fhreagracht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal sa chás gur sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchta ann chun comhairle a chur orm agus mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais á gcomhlíonadh agam.
- Rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Sócmhainní caipitil a rialú***

I rith 2018, tugadh faoi sheiceálacha fardail ag 45 as 355 láthair na Roinne, agus rinneadh fardal leictreonach de shócmhainní crua-earraí TF líonraithe na Roinne a thiomsú agus a réiteach siar a fhad le cláir shócmhainní seasta na Roinne. Is é luach iomlán na bhfardal fisiciúil agus leictreonach a réitíodh do na cláir shócmhainne i 2018 €4.5 milliún (bunchostas). Cuirtear luach €405 milliún de shócmhainní i gcuntas ar chláir shócmhainní na Roinne ag deireadh 2018. Tá seiceálacha breise ar fhardail fhisiciúla á bpleanáil. Rinneadh bogearraí nua bainistíochta sócmhainní TF a imlonnú i 2018.

Tá glanadh leanúnach sonraí an chláir shócmhainne ar bun lena chinntiú gur féidir sócmhainní a rianú ón gclár sócmhainní siar go dtí fardal fisiciúil nó a chomhionann.

Tá plean ilbhliana le dul i ngleic le haithint sócmhainní, scoir agus aistrithe, clibeáil sócmhainní agus fardail thréimhsiúla ina measc, le cur i bhfeidhm i 2019. Úsáidfear Córas Airgeadais na Roinne chun clibeanna sócmhainne a ghiniúint.

***Réitigh fiachais***

Ceadaíonn an córas cuntasaíochta fiachais agus fáltas (CCFF) fiachas a thaifeadadh agus a bhreacadh go huathoibríoch a rinneadh a aisghabháil ina oifigí áitiúla, óna chuntais bhainc fáltais agus trí asbhaint a dhéanamh ó íocaíochtaí na Roinne le custaiméirí.

Ba é iarmhéid féichiúnaí an CCFF ag 31 Nollaig 2018 €474 milliún, ar bhain €399 milliún de le Vóta 37 agus €75 milliún leis an CÁS. Anuas air sin, i 2018, aisghabhadh €79 milliún tríd an CCFF i dtaca le ró-íocaíochtaí scéime, ar bhain €65 milliún de le Vóta agus €14 milliún leis an CÁS.

Ó tugadh an CCFF isteach go déanach i 2014, rinneadh tagairt sna Ráitis bhliantúla ar Rialú Inmheánach Airgeadais (RIAanna) d'athraitheas neamhréitithe maidir le féichiúnaithe a bhain leis an CCFF, suimeanna a aisghabhadh, iarmhéideanna bainc agus airgid thirim. Chuir an Roinn acmhainní breise i bhfeidhm le déanaí sa limistéar seo agus tá dul chun cinn suntasach déanta aici i ndul i ngleic leis na saincheisteanna seo i rith 2018.

D'fhéadfadh athraitheas a bheith i gceist nuair a chuirtear idirbhearta gaolmhara i gcuntas ar bhreis agus córas cuntasaíochta amháin, e.g. an CCFF, mórleabhar ginearálta agus ráitis bhainc. Tagann an t-athraitheas seo chun solais, go príomha mar gheall ar mhíbhreacadh cuntais, earráid chórais agus difríochtaí uainithe. Tá na difríochtaí seo á sainaithint anois ag réiteach an CCFF mar chuid den ghnáthphróiseas réitigh agus de dhul i mbun gnímh chun saincheisteanna a réiteach, sa chás gur cuí. Leanfaidh an obair seo i rith 2019 agus páirt lárnach den phróiseas réitigh a bheidh ann. Tá súil leis go ndéanfaidh roinnt athruithe ar chóras agus próiseas gnó an tarlú sin a laghdú amach anseo.

Seo a leanas an staid ag 31 Nollaig 2018 i gcomparáid le 2017

- Mar thoradh ar phróiseas feabhsaithe tuairiscithe sa CCFF, níl aon athraitheas (2017 - €294,529) idir iarmhéid an fhéichiúnaí deiridh arna ríomh trí thagairt a dhéanamh do thuarascálacha ón CCFF ar na hidirbhearta sa chuntas sa bhliain, agus liosta na bhféichiúnaithe ag deireadh na bliana. Theastaigh coigeartú aonuaire €592,923 (Vóta 37: €483,217, an CÁS: €109,706) chun an t-iarmhéid ró-íocaíochta a tugadh anonn ó chuntais reachtúla 2017 a ailíniú leis an liosta d'fhéichiúnaithe ar an CCFF ag 1 Eanáir 2018 (faoi mar a shonraítear i Nóta 4.3 agus Nóta 4 i gCuntais Leithreasa Vóta 37 agus an CÁS don bhliain 2018, faoi seach).

- Rinneadh aisghabhálacha a bhainistigh an Lár-Aonad Fiachais agus a cuireadh i dtaifead ar an CCFF a réiteach go hiomlán i dtaobh chóras cuntasaíochta na Roinne. Níorbh ann d'aon athraitheas ag deireadh 2018 (2017: €104,170).
- Tá athraitheas €85,375 (2017: €178,704) ann idir an t-iarmhéid sna ráitis bhainc do chuntais bhainc fála na Roinne agus an t-iarmhéid i gcóras cuntasaíochta na Roinne. I rith 2018, rinneadh aisghabhálacha neamhaitheanta €637,788 (aisghabhálacha nach bhféadfaí a shainaithint le UPSP ar leith) agus a cuireadh san áireamh in athraitheas an bhainc ag deireadh 2017, a aistriú chuig an gcuntas fionraí aisghabhálacha neamh-mheaitseáilte sa Vóta, i gcomhréir le beartas cuntasaíochta na Roinne i dtaobh na n-aisghabhálacha siúd a chóireáil. Rinneadh dul chun cinn suntasach i rith 2018 ar athraitheas eile a réiteach a thagann chun solais ó tugadh an CCFF isteach. Tá an t-iarmhéid den athraitheas €85,375 á imscrúdú ag féachaint le réiteach a bhaint amach i 2019.
- Ní raibh aon athraitheas idir tuarascálacha oifig um aisghabháil airgid thirim na Roinne agus an córas cuntasaíochta ag deireadh mhí na Nollag 2018 (2017 - €27,659). Leanfar le hathraitheas a imscrúdú agus a réiteach de réir mar a thagann siad chun solais agus nuair a thagann siad chun solais.

***Suimeanna neamh-mheaitseáilte***

Déanann custaiméirí ró-íocaíocht, amanna, gan dóthain sonraí le ceangal a dhéanamh idir an fiachas seo agus a bhfiachas atá le híoc go fóill. I gcásanna áirithe, tá srian ar an Roinn ó na suimeanna seo a shainaithint agus a mheaitseáil leis an gcustaiméir mar gheall ar easpa faisnéise a cuireadh ar fáil agus ag rialacha nua an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí a tugadh isteach i mBealtaine 2018. Amhail an 31 Nollaig 2018, is é an tsuim iomlán a cuireadh i gcuntas ar chóras cuntasaíochta na Roinne i dtaobh aisghabhálacha neamh-mheaitseáilte ró-íocaíochta €3.2 milliún (2017: €2.8 milliún). Faoi mar a shonraítear thuas, cuirtear suim €637,788 a léiríonn fáltais neamhaitheanta ró-íocaíochta a rinneadh i dtráth roimh an CCFF, san áireamh faoin teideal seo don bhliain 2018.

Mar gheall go bhfuil na himscrúduithe thuas beagnach críochnaithe, is féidir tús a chur anois leis an gcéad phíosa eile agus an píosa substainteach d'obair a bhaineann leis an CCFF. Is éard a bhaineann leis seo (a) fáltais neamh-mheaitseáilte chustaiméara i bhfionraí ar an CCFF a réiteach lena macasamhail d'fháltais neamh-mheaitseáilte ar chóras cuntasaíochta na Roinne agus (b) anailís ar aois na bhfáltas siúd. Cuirfear tús leis an scrúdú i rith 2019 ag féachaint leis na suimeanna siúd a chur i gcuntas, ar bhonn buan, a rinneadh a imscrúdú go hiomlán ach nach bhfuil réitithe go fóill.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmligin agus freagrachta. Áirítear leis seo na gnéithe seo a leanas

- tá córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú leanúnach
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a thugann feidhmíocht airgeadais le fios i leith na dtuartha
- oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- tá na treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus na disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

***Soláthar poiblí***

Cinntíonn an Roinn go bhfuil díriú cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú.

Rinne an Roinn tuairisciú i dtuairisceán 40/02 leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar cheithre chonradh déag ar luach €2,037,029 nach raibh faoi réir próiseas soláthair iomaíoch, a raibh cúig chonradh díobh ar luach €590,320 neamhchomhlíontach.

Seo a leanas sonraí faoi na conarthaí atá neamhchomhlíontach:

- Theastaigh conradh soláthair amháin ar luach €262,000 mar gheall ar spriocdhátaí teanna tionscadail agus athruithe ar athruithe ar an gcóras teicniúil. Cuireadh tús le hobair chun iarraidh ar thairiscint a ullmhú chun an soláthar seo a thabhairt chun rialtachta.
- Cuireadh conradh amháin ar a raibh luach €159,000 i bhfeidhm mar gheall ar dhúshlán dlíthiúil a cuireadh faoi chreat na hOifige um Sholáthar Rialtais (an OSR). Cuireadh próiseas soláthair i gcrích agus beidh conradh nua curtha i bhfeidhm go luath.
- Thit conradh soláthair amháin ar luach €97,000 amach mar gheall ar éileamh méadaithe ar aistriúchán Gaeilge sa Roinn. Bronnadh conradh nua trí chreat an OSR i 2019.
- Síneadh conradh ar luach €37,320 go dtí Samhain 2019 chun freastal ar riachtanais ghnó na Roinne agus chun an luach is fearr ar airgead a bhaint amach.
- Síneadh conradh amháin ar a raibh luach €35,000 chun freastal ar riachtanais na Roinne agus chun an obair riachtanach a dhéanamh. Tá an obair seo tugtha chun críche anois.

***An coiste iniúchóireachta inmheánaí agus an coiste iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí sa Roinn ag a bhfuil an pearsanra ar ar cuireadh an oiliúint chuí, a oibrítear i gcomhréir le cairt scríofa a d'fhaomh mé. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh faisnéis ar fáil don obair iniúchóireachta inmheánaí, agus tá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnta. Déanaimse agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go leantar le tuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Creat riosca agus rialaithe***

Chuir an Roinn córas bainistíochta riosca i bhfeidhm a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, na rioscaí siúd a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an Roinn agus rinneadh iad seo a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú i dtaobh a thábhachtaí atá siad. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí i leith leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus an Limistéar Gnó atá freagrach as na gníomhartha rioscaí.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Cuirtear nósanna imeachta foirmiúla a bunaíodh chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomh ceartaitheach agus don bhainistíocht agus an Bord Bainistíochta, sa chás gurb iomchuí, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe siúd agus aon easnaimh a thugtar le fios a shainaithnítear.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú ar éifeachtacht chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais na Roinne curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach maidir leis an mbliain 2018 ar eascair caillteanais astu óna dteastaíonn nochtadh sa Chuntas Leithreasa.

**John McKeon**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

20 Meán Fómhair 2019

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 37 Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Shóisialach

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 37 Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018 faoi alt 3 d’Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 37 Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2018
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d’ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialta agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

#### *Rialtacht chaiteachais*

Baineann Caibidil 12 de mo thuarascáil faoi chuntas na seirbhísí poiblí do 2018 le híocaíochtaí leasa os cionn teidlíochtaí atá san áireamh i gcuntas 2018 do Vóta 37. Is é mo thuairim go bhfuil an leibhéal measta íocaíochta neamhrialta ábhartha.

#### *Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair*

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur tharla cásanna ábhartha neamhchomhlíonta le rialacha soláthair maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2018.

### *Ag tuairisciú faoi nithe eile a eascraíonn ón iniúchadh*

Scrúdaítear i gCaibidil 13 agus 14 de mo thuarascáil ar chuntais na seirbhísí poiblí do 2018 conas a thomhaiseann an Roinn tráthúlacht na próiseála éileamh agus conas a fhorbraíonn an Roinn foirmeacha iarratais do scéimeanna i bhformáidí páipéarbhunaithe agus ar líne, faoi seach.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

24 Meán Fómhair 2019

# Vóta 37 Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Shóisialach

## Cuntas Leithreasa 2018

| | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | **Suim a soláthraíodh sa mheastachán** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas clár** | | | | |
| **Scéimeanna cúnaimh shóisialaigh, seirbhísí, riarachán agus íocaíocht leis an gCiste Árachais Shóisialaigh** | | | | |
| Riarachán | | | | |
| *Tosaigh* | 536,200 | | | |
| *Géilleadh iarchurtha* | 1,000 | | | |
| *Forlíontach* | 21,000 | | | |
| | | 558,200 | 541,396 | 520,906 |
| Pinsin | | | | |
| *Tosaigh* | 996,790 | | | |
| *Forlíontach* | 23,710 | | | |
| | | 1,020,500 | 1,020,260 | 994,740 |
| Aois oibre – tacaíochtaí ioncaim | | | | |
| *Tosaigh* | 2,581,485 | | | |
| *Forlíontach* | 31,990 | | | |
| | | 2,613,475 | 2,610,477 | 2,845,390 |
| Aois oibre – tacaíochtaí fostaíochta | | | | |
| *Tosaigh* | 805,965 | | | |
| *Forlíontach* | (12,945) | | | |
| | | 793,020 | 796,184 | 894,866 |
| Breoiteacht, míchumas agus cúramóirí | | | | |
| *Tosaigh* | 2,721,870 | | | |
| *Forlíontach* | 68,080 | | | |
| | | 2,789,950 | 2,781,217 | 2,566,772 |
| Leanaí | | | | |
| *Tosaigh* | 2,625,370 | | | |
| *Forlíontach* | (9,000) | | | |
| | | 2,616,370 | 2,611,287 | 2,603,327 |
| Íocaíochtaí forlíontacha, etc. | | | | |
| *Tosaigh* | 568,965 | | | |
| *Forlíontach* | 9,950 | | | |
| | | 578,915 | 573,426 | 608,506 |
| Fóirdheontas leis an gCiste Árachais Shóisialaigh | | — | — | — |

| | Suim a soláthraíodh sa mheastachán | | 2018 Toradh | 2017 Toradh |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| ***Ollchaiteachas*** | | | | |
| *Tosaigh* | *10,836,645* | | | |
| *Géilleadh iarchurtha* | *1,000* | | | |
| *Forlíontach* | *132,785* | | | |
| | | **10,970,430** | **10,934,247** | **11,034,507** |
| *Lúide* | | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | | | |
| *Tosaigh* | 209,520 | | | |
| *Forlíontach* | (6,215) | | | |
| | | **203,305** | **207,009** | **264,787** |
| **Glanchaiteachas** | | | | |
| *Tosaigh* | 10,627,125 | | | |
| *Géilleadh iarchurtha* | 1,000 | | | |
| *Forlíontach* | 139,000 | | | |
| | | **10,767,125** | **10,727,238** | **10,769,720** |

**Barrachas**

Is ionann an barrachas agus an tsuim a sholáthraítear os cionn na glanshuime atá faoi dhliteanas lena thabhairt suas don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir na leithreasaí neamhchaite go léir nó cuid díobh do sheirbhísí soláthair chaipitiúil a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dar gcionn. Tugadh €1 milliún de leithdháiltí neamhchaite maidir le gnéithe caipitil d’fhotheideal A. 2 (v) agus (vi) anonn chuig 2019.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas | 39,887,039 | 21,019,255 |
| Géilleadh iarchurtha | (1,000,000) | (1,000,000) |
| **Barrachas le tabhairt suas** | **38,887,039** | **20,019,255** |

**John McKeon**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

20 Meán Fómhair 2019

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas ar Chostas Oibriúcháin 2018

| | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas cláir | | 10,392,851 | 10,513,601 |
| Pá | | 295,329 | 293,330 |
| Neamhphá | | 246,067 | 227,576 |
| **Ollchaiteachas** | | **10,934,247** | **11,034,507** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **207,009** | **264,787** |
| **Glanchaiteachas** | | **10,727,238** | **10,769,720** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannach (airgead tirim) | (54,574) | | |
| Dímheas | 18,981 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairt/ díscríobh | 1 | | |
| | | (35,592) | (16,210) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (4,877) | | |
| Laghdú ar stoc | 50 | | |
| | | (4,827) | 773 |
| **Caiteachas Díreach** | | **10,686,819** | **10,754,283** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara (nóta 1.1) | | 79,881 | 70,312 |
| Measchíosanna | | 14,019 | 13,437 |
| **Glanchostas cláir** | | **10,780,719** | **10,838,032** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí comhghaolmhara na suimeanna a leanas i dtaca le Vóta 37 a tabhaíodh in áit eile.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 492 | 365 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 64,741 | 56,846 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 13,959 | 12,860 |
| Vóta 18 An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 661 | 207 |
| An Príomhchiste – Pinsin Aire | 28 | 34 |
| | **79,881** | **70,312** |

## Nóta 2 An Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2018

| | Nóta | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 152,062 | 116,470 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 2.4 | 296 | 346 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.11 | 65,124 | 55,508 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 204,961 | 167,647 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | 270,381 | 223,501 |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 170,842 | 147,107 |
| Costais fhabhraithe | 2.12 | 52,830 | 48,091 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.6 | 26,968 | 34,519 |
| Glanchistiú státchiste dlite | 2.7 | 7,151 | (13,979) |
| **Dliteanais iomlána reatha** | | 257,791 | 215,738 |
| **Glansócmhainní reatha** | | 12,590 | 7,763 |
| **Glansócmhainní** | | **164,652** | **124,233** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **An cuntas um chistiú stáit** | 2.1 | **164,652** | **124,233** |

### 2.1 An cuntas um chistiú stáit

| | Nóta | 2018 €000 | 2018 €000 | 2017 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid an 1 Eanáir | | | 124,233 | 108,796 |
| Íocaíochtaí amach ón Vóta | | | | |
| Suim a soláthraíodh sa mheastachán | Cuntas | 10,767,125 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (1,000) | | |
| Barrachas le tabhairt suas | Cuntas | (38,887) | | |
| Glanvóta | | | 10,727,238 | 10,769,720 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 79,881 | 70,312 |
| Caiteachas neamhairgid – measchíos | 1 | | 14,019 | 13,437 |
| Glanchostas cláir | 1 | | (10,780,719) | (10,838,032) |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig** | | | **164,652** | **124,233** |

## 2.2 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh oifige | Troscáin agus feistis | Sócmhainní caipitil á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil an 1 Eanáir 2018 | 303,398 | 31,744 | 15,231 | 350,373 |
| Breisiúcháin | 43,734 | 380 | 10,460 | 54,574 |
| Diúscairtí/ díscríobh[a] | (174) | (228) | — | (402) |
| Aistrithe | 6,538 | — | (6,538) | — |
| Costas nó luacháil an 31 Nollaig 2018 | 353,496 | 31,896 | 19,153 | 404,545 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh an 1 Eanáir 2018 | 206,059 | 27,844 | — | 233,903 |
| Dímheas don bhliain | 18,062 | 919 | — | 18,981 |
| Dímheas ar dhiúscairtí/ díscríobh | (173) | (228) | — | (401) |
| Dímheas carnach an 31 Nollaig 2018 | 223,948 | 28,535 | — | 252,483 |
| **Glansócmhainní an 31 Nollaig 2018** | **129,548** | **3,361** | **19,153** | **152,062** |
| Glansócmhainní an 31 Nollaig 2017 | 97,339 | 3,900 | 15,231 | 116,470 |

Nóta [a] Is éard atá i gceist le diúscairtí/díscríobh troscán agus trealamh, meaisíní frainceála, gléasanna fótachóipeála, stiallairí, táblaí, cathaoireacha etc.

## 2.3 An Banc agus airgead tirim

| an 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna An Post a réamhíocadh [a] | 142,290 | 115,381 |
| Iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta (rótharraingt) | (336,056) | (402,429) |
| Banc agus airgead tirim tráchtála | 22,924 | 139,941 |
| | **(170,842)** | **(147,107)** |

Nóta [a] Mar an gníomhaire íocaíochta scéime, réamhchistíear An Post trí Vóta 37 agus an CÁS chun íoc as dliteanais chaiteachais na Roinne faoi mar a bhíonn siad dlite. Ag deireadh 2018, b'ionann an comh-iarmhéid a bhí á choimeád ag An Post maidir le Vóta 37 agus an CÁS agus €235.2 milliún. Ba é €183.7 milliún an comh-iarmhéid comhfhreagrach ag deireadh 2017.

## 2.4 Stoic

| an 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Páipéarachas | 268 | 318 |
| Tomhaltáin TF | 28 | 28 |
| | **296** | **346** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| an 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Réamhíocaíochtaí le An Post do chaiteachas postais | 1,007 | 1,007 |
| Réamhíocaíochtaí le OOP as troscán oifige, foirgneamh agus obair leictreach | 475 | 354 |
| Réamhíocaíochtaí le Pobal | 6,801 | 6,095 |
| Réamhíocaíochtaí scéime [a] | 154,595 | 13,384 |
| Fionraí fiachais eile | 2,877 | 1,376 |
| Dlite ón gCÁS maidir le | | |
| • Fáltais a bhaineann leis an Vóta a aisghabhadh tríd an CÁS | 23,285 | 26,600 |
| • íocaíochtaí de réir Vóta thar ceann an CÁS | 15,222 | 118,831 |
| • íocaíochtaí óinchiste Vóta a fuarthas ón CÁS | 699 | — |
| | **204,961** | **167,647** |

Nóta [a] Rinneadh réamhíocaíochtaí an 31 Nollaig 2018 do scéimeanna Vóta €154.6 milliún as a ndearnadh €12.8 milliún trí An Post agus €141.8 milliún trí ríomhaistriú leictreonach bainc.

## 2.6 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| an 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 3,574 | 3,021 |
| Ranníocaíochtaí aoisliúntais | 754 | 556 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 2,462 | 3,535 |
| Cáin Bhreisluacha | 95 | 56 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 1,890 | 3,219 |
| Cáin mhaoine áitiúil [a] | 61 | 66 |
| Fáltais bhreise Státchiste | 8 | 2 |
| | 8,844 | 10,455 |
| Asbhaintí párolla | 2,106 | 2,666 |
| Dlite don CÁS maidir le | | |
| • íocaíochtaí a rinne an CÁS thar ceann | 11,549 | 13,128 |
| • íocaíochtaí óinchiste Vóta a fuarthas ón CÁS | 448 | 3,010 |
| Aisghabhálacha neamh-mheaitseáilte ró-íocaíochta | 3,209 | 2,849 |
| Aisghabháil fiachais thar ceann tíortha eile AE | 724 | 1,554 |
| Earraí eile fionraí creidmheasa | 88 | 857 |
| | **26,968** | **34,519** |

Nóta [a] Faoi Alt 84 den Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil), 2012, féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim an RCS a ordú chun asbhaintí a dhéanamh ó roinnt íocaíochtaí scéime maidir le daoine atá faoi dhliteanas íoc as cáin mhaoine áitiúil. Déanann an Roinn asbhaintí deonacha, chomh maith, as roinnt tuarastail foirne maidir le cáin mhaoine áitiúil. B’ionann na suimeanna a íocadh leis na Coimisinéirí Ioncaim i 2018 agus €669,000 agus €408,700, faoi seach.

## 2.7 Glanchistiú státchiste dlite

| an 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Barrachas le tabhairt suas | 38,887 | 20,019 |
| Géilleadh iarchurtha | 1,000 | 1,000 |
| | 39,887 | 21,019 |
| Deontas an Státchiste nár tarraingíodh | (32,736) | (34,998) |
| Glanchistiú státchiste dlite | **7,151** | **(13,979)** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 204,961 | 167,647 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Bainc agus airgead tirim | (170,842) | (147,107) |
| Dlite don Stát | (8,844) | (10,455) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (18,124) | (24,064) |
| | (197,810) | (181,626) |
| | **7,151** | **(13,979)** |

## 2.8 Ceangaltais

| an 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Ceangaltais Dhomhanda** | | |
| Earraí agus seirbhísí a sholáthar | 37,124 | 32,983 |
| Tionscadail chaipitil | 19,458 | 22,859 |
| **Iomlán na gceangaltas atá infhorfheidhmithe le dlí** | **56,582** | **55,842** |

## 2.9 Dliteanais aibithe

| an 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nár díscaoileadh ag deireadh na bliana | **809** | **82** |

## 2.10 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Roinn bainteach in 86 cás dlí a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá aon suim iarbhír nó uainiú na ndliteanas féideartha éiginnte.

## 2.11 Réamhíocaíochtaí

| an 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Costais riaracháin | 243 | 225 |
| Costais oifige | 4,169 | 422 |
| Réamhíocaíochtaí/cúlchnapanna cláir[a] | 60,712 | 54,858 |
| Costais ilghnéitheacha | — | 3 |
| | **65,124** | **55,508** |

Nóta [a] Airgead a íocadh le scéimeanna agus eagraíochtaí eile a sholáthraíonn Fostaíocht Pobail, Tionscnamh Post, Seirbhísí Fostaíochta Áitiúla agus Clubanna Post trí réamhíocaíochtaí nó cúlchnapanna do chaipiteal oibre. Cuirtear réamhíocaíochtaí ar fáil do scéimeanna Fostaíochta Pobail agus Tionscnamh Post sula dtosaítear iad chun íoc as na costais tosaigh agus déantar iad a fhorchúiteamh, go ginearálta, laistigh de 12 mhí i ndiaidh iad a eisiúint. Cuirtear cúlchnapanna ar fáil do Seirbhísí Fostaíochta Áitiúla agus Clubanna Post chun íoc as costais leanúnacha agus déantar iad a réiteach ar bhonn leanúnach i ndiaidh go ndéantar gach íocaíocht. Baineann an t-airgead seo le heagraíochtaí seachas le héilitheoirí aonair.

## 2.12 Costais fhabhraithe

| an 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Costais riaracháin[a] | 4,071 | 2,559 |
| Costais oifige | 11,462 | 12,532 |
| Costais sainchomhairleoireachta | 83 | 167 |
| Costais chláir[b] | 37,214 | 32,833 |
| | **52,830** | **48,091** |

Nótaí

[a] Áirítear le costais riaracháin suim €637,000 atá iníoctha leis na Coimisinéirí Ioncaim maidir le liúntas d'aonad imscrúduithe speisialta a measadh a bhí inchánach ón mbliain 2013 ar aghaidh.

[b] Airgead atá le híoc le heagraíochtaí a sholáthraíonn Fostaíocht Pobail, Tionscnamh Poist agus Seirbhís Fostaíochta Áitiúla thar ceann na Roinne. Baineann an t-airgead seo le heagraíochtaí seachas le héilitheoirí aonair.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

| | | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim a soláthraíodh sa mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| i. | Tuarastail, pá agus liúntais | | | | |
| | *Tosaigh* | 300,873 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,000) | | | |
| | | | 299,873 | 295,329 | 293,330 |
| ii. | Taisteal agus cothabháil | | | | |
| | *Tosaigh* | 5,000 | | | |
| | *Forlíontach* | (500) | | | |
| | | | 4,500 | 4,484 | 4,575 |
| iii. | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | | | | |
| | *Tosaigh* | 17,517 | | | |
| | *Forlíontach* | (6,050) | | | |
| | | | 11,467 | 9,506 | 10,501 |
| iv. | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | 15,800 | 15,595 | 15,912 |
| v. | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | | | | |
| | *Tosaigh* | 46,190 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 500 | | | |
| | *Forlíontach* | 4,229 | | | |
| | | | 50,919 | 47,340 | 41,727 |
| vi. | Costais áitreabh na hoifige | | | | |
| | *Tosaigh* | 18,100 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 500 | | | |
| | *Forlíontach* | 600 | | | |
| | | | 19,200 | 16,198 | 15,064 |
| vii. | Seirbhísí comhairleoireachta | | | | |
| | *Tosaigh* | 700 | | | |
| | *Forlíontach* | 100 | | | |
| | | | 800 | 710 | 736 |
| viii. | Íocaíochtaí as seirbhísí gníomhaireachta | | | | |
| | *Tosaigh* | 119,820 | | | |
| | *Forlíontach* | 21,321 | | | |
| | | | 141,141 | 139,024 | 126,325 |
| ix. | Tionscadail a bhaineann le Ríomhrialtas | | | | |
| | *Tosaigh* | 12,200 | | | |
| | *Forlíontach* | 2,300 | | | |
| | | | 14,500 | 13,210 | 12,736 |
| | | | **558,200** | **541,396** | **520,906** |

**Athruithe suntasacha**

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna atá le hathruithe suntasacha ar chaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

*A.2.iii* *Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha*

Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €17.517 milliún, toradh: €9.506 milliún

Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh €8.011 milliún maidir leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán:

- Bhí táillí bainc €2.9 milliún ní b'ísle ná mar a raibh coinne leis. Rinneadh soláthar i dtosach go ngearrfaí gach táille bhainc ar an Vóta. Ar mhaithe le trédhearcacht chuntasaíochta agus cuspóirí iniúchta, áfach, rinneadh costais a chionnroint idir an Vóta agus an Ciste Árachais Shóisialaigh.
- Cuimsíodh sa bhunmheastachán costas teagmhasach €2.3 milliún nár theastaigh.
- Baineadh coigilteas €2.8 milliún amach ar chostais éagsúla theagmhasacha, oiliúint foirne (€1 milliún), cumarsáid le custaiméirí agus fógraíocht (€600,000), tuarastail chomhroinnte (€300,000), seomraí a fhruiliú (€300,000), agus costais eile (€600,000) ina measc.

## Clár A Scéimeanna cúnaimh shóisialaigh, seirbhísí, riarachán agus íocaíocht leis an gCiste Árachais Shóisialaigh

| | | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim a soláthraíodh sa mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Riarachán** | | | | | |
| A.1 | Riarachán – pá | | | | |
| | *Tosaigh* | 300,873 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,000) | | | |
| | | | 299,873 | 295,329 | 293,330 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | | | |
| | *Tosaigh* | 235,327 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 1,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 22,000 | | | |
| | | | 258,327 | 246,067 | 227,576 |
| **Pinsin** | | | | | |
| A.3 | Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach) | | | | |
| | *Tosaigh* | 996,790 | | | |
| | *Forlíontach* | 23,710 | | | |
| | | | 1,020,500 | 1,020,260 | 994,740 |
| **Aois Oibre – Tacaíochtaí Ioncaim** | | | | | |
| A.4 | Liúntas Cuardaitheora Poist | | | | |
| | *Tosaigh* | 1,837,060 | | | |
| | *Forlíontach* | 2,890 | | | |
| | | | 1,839,950 | 1,840,750 | 2,103,451 |
| A.5 | Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora | | | | |
| | *Tosaigh* | 501,730 | | | |
| | *Forlíontach* | 8,920 | | | |
| | | | 510,650 | 511,088 | 497,647 |
| A.6 | Pinsean Baintrí/ Baintreach Fir/ Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamh-Ranníocach) | | | | |
| | *Tosaigh* | 13,180 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,120 | | | |
| | | | 14,300 | 14,263 | 14,226 |
| A.7 | Liúntas Banchéile Thréigthe | | | | |
| | *Tosaigh* | 1,120 | | | |
| | *Forlíontach* | 60 | | | |
| | | | 1,180 | 1,192 | 1,434 |
| A.8 | Íocaíochtaí Liúntas Bunúsach Leasa Forlíontach | | | | |
| | *Tosaigh* | 103,340 | | | |
| | *Forlíontach* | 10,660 | | | |
| | | | 114,000 | 111,818 | 97,218 |
| A.9 | Cúnamh Feirme | | 74,135 | 73,819 | 78,182 |
| A.10 | Íocaíochtaí ar Riachtanais Eisceachtúla agus Phráinneacha | | | | |
| | *Tosaigh* | 36,420 | | | |
| | *Forlíontach* | 7,380 | | | |
| | | | 43,800 | 42,305 | 38,083 |

| | | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim a soláthraíodh sa mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.11 | Aois Oibre Eile – Tacaíochtaí Ioncaim | | | | |
| | *Tosaigh* | 14,500 | | | |
| | *Forlíontach* | 960 | | | |
| | | | 15,460 | 15,242 | 15,149 |
| **Aois Oibre – Tacaíochtaí Fostaíochta** | | | | | |
| A.12 | Clár Fostaíochta Pobail | | | | |
| | *Tosaigh* | 350,030 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,980) | | | |
| | | | 348,050 | 353,068 | 350,489 |
| A.13 | Scéim Shóisialta Tuaithe | | | | |
| | *Tosaigh* | 51,045 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,605) | | | |
| | | | 49,440 | 50,033 | 44,408 |
| A.14 | Tús | | | | |
| | *Tosaigh* | 100,100 | | | |
| | *Forlíontach* | 7,450 | | | |
| | | | 107,550 | 105,983 | 109,397 |
| A.15 | Tionscnamh Post | | | | |
| | *Tosaigh* | 18,520 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,650) | | | |
| | | | 16,870 | 17,750 | 19,150 |
| A.16 | Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair | | | | |
| | *Tosaigh* | 101,680 | | | |
| | *Forlíontach* | (10,230) | | | |
| | | | 91,450 | 90,466 | 115,171 |
| A.17 | An Scéim Tacaíochta d'Fhostaíocht Óige | | | | |
| | *Tosaigh* | 1,000 | | | |
| | *Forlíontach* | (750) | | | |
| | | | 250 | 33 | — |
| A.18 | Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas | | | | |
| | *Tosaigh* | 72,950 | | | |
| | *Forlíontach* | 6,250 | | | |
| | | | 79,200 | 78,687 | 93,860 |
| A.19 | Gateway | | | | |
| | *Tosaigh* | 470 | | | |
| | *Forlíontach* | (220) | | | |
| | | | 250 | 212 | 3,496 |
| A.20 | Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair | | | | |
| | *Tosaigh* | 20,740 | | | |
| | *Forlíontach* | 260 | | | |
| | | | 21,000 | 21,044 | 23,970 |
| A.21 | JobsPlus | | | | |
| | *Tosaigh* | 30,000 | | | |
| | *Forlíontach* | (6,350) | | | |
| | | | 23,650 | 22,754 | 28,854 |

| | | | | 2018 | | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Suim a soláthraíodh sa mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.22 | An Scéim Fóirdheontas Pá | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 23,160 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,070) | | | |
| | | | | 22,090 | 22,321 | 20,837 |
| A.23 | Aois Oibre Eile – Tacaíochtaí Fostaíochta | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 36,270 | | | |
| | | *Forlíontach* | (3,050) | | | |
| | | | | 33,220 | 33,833 | 42,779 |
| — | *An Clár Seirbhísí Pobail* | | | — | — | *42,455* |
| **Breoiteacht, Míchumas agus Cúramóirí** | | | | | | |
| A.24 | Liúntas Míchumais | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 1,543,150 | | | |
| | | *Forlíontach* | 47,850 | | | |
| | | | | 1,591,000 | 1,586,258 | 1,469,440 |
| A.25 | Pinsean na nDall | | | 13,370 | 13,308 | 13,386 |
| A.26 | Liúntas Cúramóra | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 789,130 | | | |
| | | *Forlíontach* | 6,770 | | | |
| | | | | 795,900 | 795,363 | 729,449 |
| A.27 | Liúntas Cúram Baile | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 153,140 | | | |
| | | *Forlíontach* | 16,860 | | | |
| | | | | 170,000 | 168,417 | 151,914 |
| A.28 | Deontas Tacaíochta Cúramóra | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 207,690 | | | |
| | | *Forlíontach* | (3,400) | | | |
| | | | | 204,290 | 203,958 | 192,924 |
| A.29 | Tacaíochtaí Gníomhachtaithe Míchumais | | | 15,390 | 13,913 | 9,659 |
| **Leanaí** | | | | | | |
| A.30 | Sochar Linbh | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 2,083,750 | | | |
| | | *Forlíontach* | 15,150 | | | |
| | | | | 2,098,900 | 2,096,671 | 2,086,390 |
| A.31 | Íocaíocht Teaghlaigh Oibre | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 431,300 | | | |
| | | *Forlíontach* | (20,400) | | | |
| | | | | 410,900 | 410,546 | 414,630 |
| A.32 | Liúntas Éadaí agus Coisbhirt chun Filleadh ar Scoil | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 49,530 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,450) | | | |
| | | | | 48,080 | 47,402 | 48,854 |

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|

| | | | Suim a soláthraíodh sa mheastachán | | Toradh | Toradh |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.33 | Scéimeanna Béilí Scoile | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 54,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | (3,000) | | | |
| | | | | 51,000 | 49,165 | 46,619 |
| A.34 | Íocaíochtaí eile a bhaineann le Leanaí | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 6,790 | | | |
| | | *Forlíontach* | 700 | | | |
| | | | | 7,490 | 7,503 | 6,834 |
| **Íocaíochtaí Forlíontacha, Gníomhaireachtaí agus Seirbhísí Ilghnéitheacha** | | | | | | |
| A.35 | Forlíonadh Cíosa | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 179,500 | | | |
| | | *Forlíontach* | (3,600) | | | |
| | | | | 175,900 | 175,032 | 230,566 |
| *A.36* | *Forlíonadh Ús Morgáiste* | | | — | — | *4,206* |
| A.37 | Pacáiste Sochair Teaghlaigh | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 90,340 | | | |
| | | *Forlíontach* | 680 | | | |
| | | | | 91,020 | 91,503 | 84,900 |
| A.38 | Saorthaisteal | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 90,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | (2,700) | | | |
| | | | | 87,300 | 86,813 | 77,456 |
| A.39 | Liúntas Breosla | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 138,544 | | | |
| | | *Forlíontach* | 17,056 | | | |
| | | | | 155,600 | 152,669 | 148,870 |
| A.40 | Deontas don Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 57,410 | | | |
| | | *Forlíontach* | (810) | | | |
| | | | | 56,600 | 54,775 | 53,053 |
| A.41 | Seirbhísí Ilghnéitheacha | | | | | |
| | | *Tosaigh* | 12,691 | | | |
| | | *Forlíontach* | (676) | | | |
| | | | | 12,015 | 12,231 | 8,504 |
| A.42 | An Coimisiún um Pá Íseal | | | 480 | 403 | 297 |
| *A.43* | *Oifig an Ombudsman do Phinsin* | | | — | — | *654* |
| **Fóirdheontas leis an gCiste Árachais Shóisialaigh** | | | | | | |
| A.44 | Íocaíocht leis an gCiste Árachais Shóisialaigh faoi alt 9(9)(a) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 2005 | | | — | — | — |
| **Iomlán** | | | | **10,970,430** | **10,934,247** | **11,034,507** |

**Athruithe suntasacha**

Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár A €96.602 milliún ní b'airde ná mar a soláthraíodh i dtosach báire. Bhí an méid seo a leanas i gceist leis

- Bhain €4.196 milliún de seo le caiteachas riaracháin. Míníodh cheana féin an t-athraitheas suntasach ar fhotheidil aonair (+/-25% agus €100,000).
- Baineann €92.406 milliún le fotheidil scéime agus seirbhíse. Déantar cur síos ar an bpríomhathraitheas thíos.

Déanann an Rialtas an cinneadh faoi cé acu bónas na Nollag a íoc nó gan é a íoc, agus ar cén ráta, le faighteoirí fadtéarmacha leasa shóisialaigh thart ar mhí Dheireadh Fómhair gach bliain, i gcomhthéacs bhuiséad na bliana dar gcionn. Ní chuirtear an costas a bhíonn ar bhónas na Nollag, a imríonn tionchar ar chaiteachas scéime agus, dá réir sin, ar mheánluachanna íocaíochta, ar an gcaoi sin, san áireamh sna bunmheastacháin.

*A.6 Pinsean Baintrí/ Baintreach Fir/ Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamh-Ranníocach)*

Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €13.18 milliún, toradh: €14.263 milliún

Ba iad na príomhchúiseanna a bhí leis an méadú ar chaiteachas €1.083 milliún maidir leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán:

- Bhí an meánlíon faighteoirí (1,451) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (1,385). Chosain seo thart ar €624,000.
- Bhí na meánluachanna íocaíochta seachtainiúla (€188.70) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€183.21). Chosain seo €415,000 sa bhreis, ar bhain €260,000 de leis an gcinneadh chun bónas na Nollag a íoc.

Soláthraíodh meastachán forlíontach €1.12 milliún chun treochtaí a bhí ag teacht chun cinn a thabhairt san áireamh agus chun íocaíocht bhónas na Nollag a chistiú. Bhí an toradh deiridh ar aon dul leis an leithdháileadh deiridh.

*A.8 Íocaíochtaí Liúntas Bunúsach Leasa Forlíontach*

Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €103.34 milliún, toradh: €111.818 milliún

Ba iad na cúiseanna a bhí leis an méadú ar chaiteachas €8.478 milliún maidir leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán

- Bhí an meánlíon faighteoirí (15,836) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (15,200). Baineann an méadú ar Liúntas Bunúsach Leasa Forlíontach (LLF Bunúsach) go príomha le héilimh a bhain le breoiteacht - ar feitheamh sochar breoiteachta, liúntas míchumais agus pinsean easláine. Tháinig méadú ar éilimh LLF Bunúsach ar feitheamh sochar breoiteachta ó Lúnasa 2018 ar aghaidh a bhí bainteach le sochar breoiteachta a aistriú ó chóras leagáide TF. Chosain seo €6.419 milliún sa bhreis.
- Bhí na meánluachanna íocaíochta seachtainiúla (€196.75) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€193.58). Chosain seo €2.607 milliún sa bhreis, ar bhain €870,000 de leis an gcinneadh chun bónas na Nollag a íoc.
- Caiteachas a aisíocadh ó phríomhscéimeanna (e.g. liúntas míchumais, liúntas cuardaitheora poist) ina raibh liúntas leasa forlíontach á éileamh ag an bhfaighteoir ar feitheamh a n-éileamh a réiteach. B'ionann an toradh agus €50.548 milliún, i gcomparáid le €50 milliún sa mheastachán bunúil. D'eascair coigilt €548,000 as seo.

Lorgaíodh meastachán forlíontach €10.66 milliún chun treochtaí a bhí ag teacht chun cinn a thabhairt san áireamh. Bhí an toradh €2.182 milliún (1.9%) ní ba lú ná an leithdháileadh deiridh. Úsáideadh na coigiltí chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile.

*A.10 Íocaíochtaí ar Riachtanais Eisceachtúla agus Phráinneacha*

Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €36.42 milliún, toradh: €42.305 milliún

Ba iad na príomhchúiseanna a bhí leis an méadú ar chaiteachas €5.885 milliún maidir leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán:

- Bhí líon 9,882 íocaíocht ní ba mhó sa líon féin d'íocaíochtaí aonuaire (106,282) a rinneadh ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh, agus chosain seo €3.734 milliún ní ba mhó. Tugadh méadú faoi deara ar íocaíochtaí ar Riachtanais Eisceachtúla agus Phráinneacha i 2018 sa chatagóir thithíochta d'íocaíochtaí ar riachtanais eisceachtúla agus phráinneacha, a sholáthraíonn tacaíocht trí éarlaisí cíosa a íoc, cíos a íoc roimh ré agus cúnamh a sholáthar i dtreo troscáin agus fearais tí. Tá méadú tagtha ar chaiteachas, chomh maith, sna catagóirí Leaba is Bricfeasta agus brú i dtaobh cóiríocht shealadach. Chomh maith leis sin, tugadh méadú faoi deara ar íocaíochtaí ar riachtanais phráinneacha mar fhreagairt do mhoilleanna a bhí ar íocaíochtaí sochar breoiteachta.
- Bhí na meánluachanna íocaíochta iarbhír (€398.34) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€377.90). Chosain seo €2.111 milliún.

Mar gheall ar chineál aonuaire na scéime, is deacra na comhdhéanamh líonta íocaíochta agus na meánluachanna íocaíochta amach anseo a thuar, ná mar atá sé i scéimeanna ag a bhfuil minicíocht rialta.

Soláthraíodh meastachán forlíontach €7.38 milliún. Bhí an toradh €1.495 milliún (3.4%) ní b'ísle ná an leithdháileadh deiridh. Úsáideadh na coigiltí chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile.

*A.11 Aois Oibre Eile – Tacaíochtaí Ioncaim*

Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €14.5 milliún, toradh: €15.242 milliún

Ba iad na príomhchúiseanna a bhí leis an méadú ar chaiteachas €742,000

- Ró-íocaíocht €737,000 ar Liúntas Costas Laethúil (tugadh an Liúntas Soláthair Dhírigh air seo roimhe seo), go príomha mar gheall ar mheánlíonta faighteoirí agus meánluachanna íocaíochta ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh.
- Róchaitheamh €220,000 ar Chabhair Dhaonnúil. Is deacair an gá a bhíonn le Cúnamh Daonnúil a thuar mar gheall ar chineál athraitheach na haimsire. Bhí éileamh méadaithe i 2018 mar thoradh ar stoirmeacha an gheimhridh (Stoirm Emma ina measc) i 2018.
- Róchaitheamh €96,000 ar Liúntas Réamhscoir. Bhain an faighteoir deireanach sa scéim aois an phinsin amach in Iúil 2018 agus tá an scéim dúnta anois.
- Róchaitheamh €316,000 ar fhorlíontaí, ar nós aiste bia agus téimh faoin scéim liúntas leasa forlíontach.

Cuireadh suim €960,000 ar fáil mar chuid den mheastachán forlíontach. Bhí an toradh €218,000 (1.4%) ní b'ísle ná an leithdháileadh deiridh. Úsáideadh na coigiltí chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile.

*A.14 Tús*

Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €100.1 milliún, toradh: €105.983 milliún

Ba iad na cúiseanna a bhí leis an méadú ar chaiteachas €5.883 milliún maidir leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán

- Bhí an meánlíon rannpháirtithe (6,468) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (6,010). Tháinig laghdú ní ba mhoille ar na líonta rannpháirtithe sa scéime i gcaitheamh na bliana ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán. Chosain seo €5.965 milliún. Cé gur tháinig feabhas ar an margadh saothair, lean éileamh láidir a bheith ar dheiseanna tacaíochta fostaíochta do dhaoine atá daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach atá ar an mbeochlár.
- D'eascair meánlíonta ní b'airde de mhaoirseoirí (370), chomh maith, as na líonta ní b'airde de rannpháirtithe ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (316). Chosain seo €2.124 milliún.
- Bhí na meánluachanna íocaíochta (€249.22) ní b'ísle ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€250.39). D'eascair coigilt €395,000 as seo.
- Bhí na meánluachanna íocaíochta do mhaoirseoirí (€671.95) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€749.94). D'eascair coigilt €1.501 milliún as seo.
- Bhí táillí riaracháin agus um chur i bhfeidhm (€9.232 milliún) ní b'ísle ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€9.543 milliún). D'eascair coigilt €310,000 as seo.

Lorgaíodh meastachán forlíontach €7.45 milliún chun treochtaí a bhí ag teacht chun cinn a thabhairt san áireamh. Bhí an toradh deiridh €1.567 milliún (1.5%) ní ba lú ná an leithdháileadh deiridh. Úsáideadh na coigiltí chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile.

*A.16 Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair*

Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €101.68 milliún, toradh: €90.466 milliún.

Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh €11.214 milliún maidir leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán:

- Bhí an meánlíon faighteoirí (8,370) ní b'ísle ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán (9,243), mar gheall ar mhargadh saothair feabhsaithe, ónar eascair éileamh ní b'ísle ar an scéim. Rinne seo €9.576 milliún a choigilt.
- Bhí na meánluachanna iarbhír íocaíochta (€204.66) ní b'ísle ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€207.69) mar gheall ar mheath a tháinig ar líonta na bhfaighteoirí i mBliain 1 den scéim mar chomhréir de na faighteoirí iomlána ó thart ar 50% d'fhaighteoirí anuas go dtí 40% i rith 2018. Íoctar íocaíocht níos airde le faighteoirí i mBliain 1 den scéim ná iad siúd i mBlianta 2 agus 3. Rinne seo €1.363 milliún a choigilt.
- Bhí na coigeartuithe idirscéime ní ba lú ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh agus d'eascair coigilt €275,000 as seo.

Tugadh suim €10.23 milliún suas mar chuid den mheastachán forlíontach chun treochtaí a bhí ag teacht chun cinn a thabhairt san áireamh. Bhí an toradh deiridh €984,000 (1.1%) ní b'ísle ná an leithdháileadh deiridh. Úsáideadh na coigiltí chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile.

A.17 *An Scéim Tacaíochta d'Fhostaíocht Óige*

Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €1 milliún, toradh: €33,000.

Scéim nua í seo a fógraíodh i mbuiséad 2018. Seoladh an scéim i Deireadh Fómhair 2018, seachas i Meitheamh 2018, faoi mar a ndearnadh soláthar dó i dtosach agus faoi mar a bhíonn i gceist le gach scéim nua, is deacair an glacadh leis an scéim a thuar.

A.18 *Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas*

Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €72.95 milliún, toradh: €78.687 milliún

Ní fhéadfaí tuar cruinn a dhéanamh ar an ráta inar tháinig meath ar líonta daoine a bhí rannpháirteach i Liúntas Oideachais um Fhilleadh ar an Obair i mbliain acadúil 2017/2018 a thosaigh i Meán Fómhair 2017 nuair a tugadh meastacháin 2018 chun críche go luath i nDeireadh Fómhair 2017. Bhí an ráta meatha a thit amach i 2018 ní ba lú ná mar a ndearnadh soláthar dó i meastacháin 2018. D'eascair méadú €5.737 milliún ar chaiteachas as seo.

Soláthraíodh meastachán forlíontach €6.25 milliún chun treochtaí a bhí ag teacht chun cinn a chistiú. Bhí an toradh deiridh €513,000 (0.6%) ní b'ísle ná an meastachán deiridh. Úsáideadh na coigiltí chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile.

A.19 *Gateway*

Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €470,000, toradh: €212,000.

Rinneadh soláthar sa mheastachán d'fhoirceannadh na scéime. D'fhág rannpháirtithe an scéim ní ba thapúla ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán, agus d'eascair coigilt €258,000 as seo.

Tugadh suim €220,000 suas mar chuid den mheastachán forlíontach chun seo a léiriú. Úsáideadh na coigiltí chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile.

A.21 *JobsPlus*

Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €30 milliún, toradh: €22.754 milliún.

Measadh i meastachán 2018 go leanfadh glacadh tréan le fostaíocht lena dtacaíonn JobsPlus isteach i 2018, ar tháinig méadú ar a rannpháirtithe aníos ó 2,595 in Aibreán 2016 go dtí 5,434 i Lúnasa 2017 (nuair a tugadh meastachán 2018 chun críche). Ina ionad sin, tháinig iompú ar an treocht inar tháinig meath ar rannpháirtithe anuas ó 5,217 i Nollaig 2017 go dtí 3,526 i Nollaig 2018. D'eascair tearc-chaitheamh €7.246 milliún as seo.

Ba é ba chúis leis seo ná feabhsú sa mhargadh saothair, meath nach mór 29% ina measc ar dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, (óna mbaintear rannpháirtithe JobsPlus), idir Lúnasa 2017 agus Nollaig 2018, anuas ar acmhainneacht fheabhsaithe a bheith ag fostóirí chun daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a fhostú gan bheith orthu dul i mbun deontas JobsPlus a fháil.

Tugadh suim €6.35 milliún suas mar chuid den mheastachán forlíontach chun treochtaí a bhí ag teacht chun cinn a thabhairt san áireamh. Bhí an toradh deiridh €896,000 (3.8%) ní b'ísle ná an leithdháileadh deiridh. Úsáideadh na coigiltí chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile.

*A.23 Aois Oibre Eile – Tacaíochtaí Fostaíochta*

Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €36.27 milliún, toradh: €33.833 milliún

Bhí an tearc-chaitheamh €2.437 milliún mar gheall ar an méid seo a leanas

- Coigilt €565,000 ar Dheontais Tacaíochta Fiontraíochta agus coigilt €569,000 ar Dheontais Tacaíochta Teicniúla, mar gheall ar éileamh ní ba lú ar dheontais mar thoradh ar bheochlár ní b'ísle.
- Baineadh coigilt €808,000 amach ar Sheirbhísí Fostaíochta Áitiúla (SFÁanna) mar gheall ar chaitheamh ní ba lú ar costais oibríochtúla SFÁ agus ar idirghabháil idirghabhálaí lenar thacaigh SFÁ.
- Baineadh coigilt €495,000 amach mar gheall ar réimse coigiltí faoi na hocht bhfotheideal eile, ina Clubanna Post agus an Dreasacht Phoist Pháirtaimseartha ina measc.

Tugadh suim €3.05 milliún suas mar chuid den mheastachán forlíontach. Bhí an toradh €613,000 (1.8%) ní b'airde ná an leithdháileadh deiridh. Cistíodh é seo trí virement ó fhotheidil ina ndearnadh tearc-chaitheamh in áiteanna eile sa Vóta.

*A.27 Liúntas Cúram Baile*

Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €153.14 milliún, toradh: €168.417 milliún

Ba iad na príomhchúiseanna a bhí leis an méadú ar chaiteachas €15.277 milliún maidir leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán:

- Bhí an meánlíon faighteoirí (37,230) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (35,000) agus chosain seo €9.757 milliún sa bhreis. Bíonn seo go príomha mar gheall go bhfuil feasacht níos mó ar an scéim agus gur measadh go raibh céatadán ní b'airde d'iarratais incháilithe ag céim an iarratais agus an achomhairc araon.
- Chosain luachanna meánluachanna íocaíochta míosúla ní b'airde (€376.98) ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€364.62) €5.522 milliún sa bhreis, ar bhain €3.6 milliún de le bónas na Nollag.

Soláthraíodh meastachán forlíontach €16.86 milliún chun treochtaí a bhí ag teacht chun cinn a thabhairt san áireamh agus chun íocaíocht bhónas na Nollag a chistiú. Bhí an toradh €1.583 milliún (0.9%) ní ba lú ná an meastachán deiridh. Úsáideadh na coigiltí chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile.

*A.29 Tacaíochtaí Gníomhachtaithe Míchumais*

Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €15.39 milliún, toradh: €13.913 milliún

Ba iad na príomhchúiseanna a bhí leis an gcaiteachas ní b'ísle €1.477 milliún maidir leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán

- Tearc-chaitheamh thart ar €1.04 milliún ar chlár na Seirbhíse Infhostaitheachta. Cuireann conraitheoirí/cuideachtaí aonair conarthaí infhostaitheachta do sheirbhís ar fáil sholáthar thar ceann na Roinne. Nuair nach dtaibhíonn conraitheoir costas ina dhiaidh sin nó nuair nach dtaibhíonn sé costas tuartha ina iomláine i rith téarma conartha, ní féidir íocaíocht a lorg ón Roinn agus, dá bharr, eascróidh ró-chaitheamh as.
- Bhí tearc-chaitheamh €388,000 ar an gclár Cumas/Ability mar gheall ar an méid fada ama a ghlac sé le tosú idir an clár a dhearadh, an gairm ar iarratais agus an próiseas measúnaithe ina dhiaidh sin. Fógraíodh na tionscadail seo i Iúil 2018 ach níor eisíodh na conarthaí ach go dtí Meán Fómhair 2018.

A.33 *Scéimeanna Béilí Scoile*

Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €54 milliún, toradh: €49.165 milliún

Ba í an chúis a bhí leis an tearc-chaitheamh €4.835 milliún ná go raibh an chéad tráthchuid le híoc le scoileanna do bhliain acadúil 2018/2019 ní b'ísle ná mar a ndearnadh soláthar do sa mheastachán tosaigh. B'éard ba chúis leis seo ná moilleanna i scoileanna chun iarratais a sheoladh ar aghaidh agus coinníollacha na scéime a shásamh lena chumasú íocaíochtaí a eisiúint roimh dheireadh 2018. Bhí glacadh ní b'ísle leis an scéim, chomh maith, i measc scoileanna nua a chuir an scéim ar bun ó Mheán Fómhair 2018 ar aghaidh.

Tugadh suim of €3 milliún suas mar chuid den mheastachán forlíontach. Bhí an toradh €1.835 milliún (3.6%) ní b'ísle ná an leithdháileadh deiridh. Úsáideadh na coigiltí chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile.

A.34 *Íocaíochtaí eile a bhaineann le Leanaí*

Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €6.79 milliún, toradh: €7.503 milliún

Ba iad na príomhchúiseanna a bhí leis an méadú ar chaiteachas €713,000 maidir leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán

- Róchaitheamh thart ar €747,000 ar an scéim Íocaíochta Caomhnóra (Neamh-Ranníocach) mar gheall ar mheánlíon ní ba mhó d'fhaighteoirí (540) ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (500) agus meánluachanna íocaíochta (€259.22) ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (€249.87).
- Rinne tearc-chaitheamh thart ar €65,000 ar an Deontas do Thuismitheoirí Baintrí/Baintreach Fir (Neamh-Ranníocach) é seo a sheach-chur.

Soláthraíodh meastachán forlíontach €700,000. Bhí an toradh ar aon dul leis an meastachán deiridh.

A.39 *Liúntas Breosla*

Suim a soláthraíodh sa mheastachán: €138.544 milliún, toradh: €152.669 milliún

Ba iad na príomhchúiseanna a bhí leis an méadú ar chaiteachas €14.125 milliún maidir leis an tsuim a soláthraíodh sa mheastachán

- Bhí an meánlíon faighteoirí (239,495) 11,595 duine ní b'airde ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh (227,900). Chosain seo thart ar €7.044 milliún.
- Íocadh seachtain bhreise de liúntas breosla i Márta 2018 mar fhreagairt ar Stoirm Emma. Chosain seo €5.389 milliún.
- Níor cuireadh costas measta iomlán na riaráistí do bhliain san áireamh i meastacháin leasaithe 2018. Íocaíocht fhorlíontach is ea liúntas breosla a dhéantar le bunscéim (e.g. liúntas míchumais, liúntas cuardaitheora poist) – bíonn riaráistí le híoc nuair a bhí moill ar chinneadh a dhéanamh ar bhunscéim an chustaiméara. Chosain seo €1.69 milliún i 2018.

Soláthraíodh meastachán forlíontach €17.056 milliún. Bhí an toradh deiridh €2.931 milliún (1.9%) ní b'ísle ná an leithdháileadh deiridh. Úsáideadh na coigiltí chun caiteachas breise a chistiú ar fhotheidil eile.

## 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Measta | | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Aistriú ón gCiste Árachais Shóisialaigh chuig Vóta 37** | | | | | |
| 1 | Costais riaracháin a ghnóthú ón gCiste Árachais Shóisialaigh | | 113,940 | 113,940 | 177,240 |
| **Leithreasaí i gcabhair: Eile** | | | | | |
| 2 | Aisghabhálacha cúnaimh shóisialta a ró-íocadh | | | | |
| | *Tosaigh* | 65,500 | | | |
| | *Forlíontach* | (6,600) | | | |
| | | | 58,900 | 59,161 | 62,497 |
| 3 | Aisíocaíocht suimeanna ón gCiste Árachais Shóisialaigh a íocadh i dtosach mar chúnamh sóisialta | | | | |
| | *Tosaigh* | 4,150 | | | |
| | *Forlíontach* | (450) | | | |
| | | | 3,700 | 3,497 | 4,147 |
| 4 | Fáltais faoi na forálacha 'Dliteanas chun Teaghlach a Chothabháil' i gCuid XII den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 | | | | |
| | *Tosaigh* | 230 | | | |
| | *Forlíontach* | 10 | | | |
| | | | 240 | 268 | 277 |
| 5 | Fáltais ó Oifig an Ard-Chláraitheora | | | | |
| | *Tosaigh* | 330 | | | |
| | *Forlíontach* | (30) | | | |
| | | | 300 | 369 | 353 |
| 6 | Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa um ghníomhachtú agus rannpháirtíocht daoine atá faoi mhíchumas | | | | |
| | *Tosaigh* | — | | | |
| | *Forlíontach* | 185 | | | |
| | | | 185 | 185 | — |
| 7 | Fáltais ó asbhaint phinseanbhainteach ar luach saothair na seirbhíse poiblí | | | | |
| | *Tosaigh* | 9,680 | | | |
| | *Forlíontach* | (710) | | | |
| | | | 8,970 | 9,388 | 9,042 |
| 8 | Fáltais ó Chiste Eorpach um Shoghluaisteacht ó Phost go Chéile EURES | | | | |
| | *Tosaigh* | 250 | | | |
| | *Forlíontach* | (200) | | | |
| | | | 50 | 52 | 249 |

| | | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Measta | | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 9 | Fáltais ón gCiste Náisiúnta Oiliúna (Fostaíocht Pobail) | | | | |
| | *Tosaigh* | 7,200 | | | |
| | *Forlíontach* | (700) | | | |
| | | | 6,500 | 6,423 | 6,686 |
| 10 | Fáltais ón Údarás Pinsean – aoisliúntas foirne | | | | |
| | *Tosaigh* | 340 | | | |
| | *Forlíontach* | 310 | | | |
| | | | 650 | 632 | 599 |
| 11 | Costais oibriúcháin an Aonaid Daoine gan Dídean – ranníocaíochtaí ó ghníomhaireachtaí seachtracha | | | | |
| | *Tosaigh* | 300 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,240 | | | |
| | | | 1,540 | 1,569 | 1,738 |
| 12 | Fáltais ó chuntais dhíomhaoine | | | | |
| | *Tosaigh* | — | | | |
| | *Forlíontach* | 1,770 | | | |
| | | | 1,770 | 1,926 | 527 |
| 13 | Ioncam ón gCiste Eorpach don Domhandú | | — | — | 263 |
| 14 | Aisghabháil cúnaimh shóisialta ó éilimh árachais | | | | |
| | *Tosaigh* | 2,900 | | | |
| | *Forlíontach* | (300) | | | |
| | | | 2,600 | 2,609 | 3,019 |
| 15 | Ilghnéitheach | | | | |
| | *Tosaigh* | 1,200 | | | |
| | *Forlíontach* | 400 | | | |
| | | | 1,600 | 2,350 | 654 |
| — | Fáltais ó Chlár Cúnaimh Bia an AE | | | | |
| | *Tosaigh* | 3,500 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,140) | | | |
| | | | 2,360 | 4,640 | (2,504) |
| | **Iomlán** | | **203,305** | **207,009** | **264,787** |

**Athruithe suntasacha**

2 *Aisghabhálacha cúnaimh shóisialta a ró-íocadh*

Meastachán: €65.5 milliún, réadaithe: €59.161 milliún

Cumhdaítear san fhotheideal seo an ghné sin d'aisghabhálacha ró-íocaíochta ó thart ar 40 scéim cúnaimh shóisialta a gcaitear leo mar ioncam. Áirítear leis aisghabhálacha airgid thirim (€34.73 milliún i 2018, ar bhain beagán de bhreis ar 60% de le Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach) – cásanna eastáit, go príomha) agus aisghabhálacha trí asbhaintí ó íocaíochtaí scéime (€24.43 milliún) ar ró-íocaíochtaí a tháinig chun solais roimh 2018. Is féidir leis an toradh athrú go mór gach mí. Idir €4.3 milliún agus €5.6 milliún a bhí sé i 2018, agus bhí €4.9 milliún i gceist leis, ar an meán, arbh ionann sin agus €0.3 milliún ní b'ísle ná an tsuim a réadaíodh i 2017.

3 *Aisíocaíocht suimeanna ón gCiste Árachais Shóisialaigh a íocadh i dtosach mar chúnamh sóisialta*

Meastachán: €4.15 milliún, réadaithe: €3.497 milliún

Úsáidtear an fotheideal seo chun cúnamh sóisialta a aisghabhadh ón gCiste Árachais Shóisialaigh (an CÁS) a chur i dtaifead sa chás go ndéantar difear do choigeartuithe idirscéime i ndiaidh dheireadh na bliana airgeadais. Féadfaidh fáltais a bheith an-éagsúil ó mhí go mí. Mar shampla, áirítear custaiméirí leis a n-íoctar buníocaíocht Liúntas Leasa Forlíontach (LLF) leo (a chistítear ó Vóta 37) fad a bhíonn feitheamh orthu le cinneadh ar a sochar árachais shóisialaigh (e.g. sochar breoiteachta). Aisghabhtar an tsuim den LLF bunúsach a íoctar ina dhiaidh sin ón CÁS nuair a bhronntar árachas sóisialach an chustaiméara. Nuair a dhéantar cinneadh faoi i mbliain eile i ndiaidh go ndearnadh an buníocaíocht LLF, cuirtear an aisghabháil ón CÁS i gcuntas mar ioncam faoin bhfotheideal seo.

Measadh i meastachán leasaithe 2018 go ndearnadh meánfháltais mhíosúla beagán faoi bhun €350,000 bunaithe ar mheath a tháinig ar an treocht i gcomparáid le 2017 nuair b'ionann fáltais, ar an meán, agus beagnach €380,000 a fhad le Samhain 2017.

Bhí na fáltais i Nollaig 2017 agus i rith 2018 i bhfad ní b'ísle ná nuair a bhí meastachán leasaithe 2018 á chur i gcrích. D'eascair easnamh €653,000 as an meath seo a tháinig ar an treocht i gcomparáid le meastachán leasaithe 2018.

6 *Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa um ghníomhachtú agus rannpháirtíocht daoine atá faoi mhíchumas*

Meastachán: €Náid, réadaithe: €185,000

B'ionann an tsuim €185,000 agus iarmhéid éilimh a rinneadh maidir leis na blianta ó 2012 go 2015 a cuireadh san áireamh sna fáltais mheasta don bhliain 2017 ach ní bhfuarthas féin é ach go dtí Eanáir 2018 i ndiaidh don Choimisiún Eorpach seiceálacha rathúla agus iniúchóireacht a dhéanamh.

8 *Fáltais ón gCiste Eorpach um Shoghluaisteacht ó Phost go Chéile EURES*

Meastachán: €250,000, réadaithe: €52,000

Bhunaigh an Coimisiún Eorpach EURES chun saorghluaiseacht oibrithe a éascú idir na tíortha an Aontais Eorpaigh agus tíortha sa Limistéar Eorpach Eacnamaíochta. In Éirinn, déanann an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí EURES a chomhordú.

Is éard atá i bhfáltais isteach san fhotheideal seo ná (i) airgead a fuarthas ó contrapháirteanna EURES san Eoraip chun saorghluaiseacht oibrithe a éascú (ii) cistiú ó chlár EaSI (Fostaíocht agus Nuálaíocht Shóisialta) agus (iii) fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE) ó éilimh airgeadais a rinneadh leis an gCoimisiún Eorpach.

Áiríodh leis na fáltais iarbhír €52,000 fáltais ó chontrapháirteanna EURES san Eoraip agus cistiú faoi EaSI. Ní bhfuarthas aon fháltais faoin CSE.

Rinneadh éileamh na Roinne maidir leis na blianta 2015-2017 a ullmhú agus a chur faoi bhráid údarás bainistithe na hÉireann don CSE, an Roinn Oideachais agus Scileanna (an ROS) i 2018. Cé go raibh súil leis i dtosach báire go seolfadh an ROS an t-éileamh ar aghaidh i rith 2018, titfidh seo amach, ina ionad sin, i 2019.

9 *Fáltais ón gCiste Náisiúnta Oiliúna (Fostaíocht Pobail)*

Meastachán: €7.2 milliún, réadaithe: €6.423 milliún

Cumhdaítear san fhotheideal seo fáltais ón gCiste Náisiúnta Oiliúna chun oiliúint a chur ar rannpháirtithe Fostaíochta Pobail (FP) agus chun oiliúint a chur ar rannpháirtithe sa Deontas Tacaíochta Oiliúna (DTO).

Bhí an tsuim a rinneadh a réadú maidir leis an DTO (€2.223 milliún) agus €777,000 ní b'ísle ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán tosaigh. Bhí seo mar gheall ar éileamh ní ba lú ná mar a raibh súil leis ar an DTO a d'eascair as beochlár ní b'ísle agus as margadh saothair feabhsaithe.

Bhí an tsuim a rinneadh a réadú maidir le rannpháirtithe FP €4.2 milliún ar aon dul leis an meastachán a rinneadh.

10 *Fáltais ón Údarás Pinsean – Aoisliúntas foirne*

Meastachán: €340,000, réadaithe: €632,000

Déantar soláthar san fhotheideal seo d'fháltais ranníocaíochtaí aoisliúntais a rinneadh maidir le foireann atá fostaithe ag an Údarás Pinsean (ÚP) chun íocaíochtaí cnapshuime a chistiú ó Vóta 37 nuair a théann ball foirne den ÚP ar scor.

B'ionann fáltais i 2018 agus €632,000, ar méadú €33,000 é seo ar thoradh 2017, arbh ionann é agus €599,000. Bhí an toradh i 2018 nach mór €292,000 ní ba mhó ná mar a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán. Rinneadh an meastachán a ghanniontráil agus aird ar an treocht i 2017 agus aird ar an toradh i 2018.

11 *Costais Oibriúcháin an Aonaid Daoine gan Dídean – ranníocaíochtaí ó ghníomhaireachtaí seachtracha*

Meastachán: €300,000, réadaithe: €1.569 milliún

Cuireadh próiseas ar bun chun íocaíochtaí ar riachtanais eisceachtúla a fhorchúiteamh a bhaineann le cóiríocht éigeandála a rinne an t-údarás áitiúil i gCorcaigh. Bhí meastachán 2018 caomhach. Is féidir le fáltais ón bhfoinse seo a bheith dothuartha. B'ionann iad i 2015 agus €300,000, €800,000 i 2016, €1.74 milliún i 2017 agus €1.569 milliún i 2018.

12 *Fáltais ó chuntais dhíomhaoine*

Meastachán: €Náid, réadaithe: €1.926 milliún

Cistítear oiliúint do chúramóirí ó fháltais chuntas díomhaoin faoin bhfotheideal seo. Ní dhearnadh aon soláthar don fháltas seo i meastacháin 2018 mar gheall nach raibh plean nua cuntas díomhaoin i bhfeidhm. Nuair a glacadh leis an bplean nua i Iúil 2018, rinneadh gairm ar iarratais agus bronnadh conarthaí. B'éard a d'eascair as seo ná go ndearnadh cistiú a tharraingt anuas nach raibh coinne leis ag an tráth a ullmhaíodh an meastachán.

14 *Aisghabháil cúnaimh shóisialta ó éilimh árachais*

Meastachán: €2.9 milliún, réadaithe: €2.609 milliún

Déantar soláthar faoin bhfotheideal seo d'fháltais ó dhámhachtainí cúitimh árachais a thagann chun solais ó scéimeanna cúnaimh shóisialta (nach bhfaightear faoi láthair ach ó Liúntas Míchumais).

Féadfaidh fáltais a bheith an-éagsúil ó mhí go mí. I 2018, idir €107,000 agus €402,000 sa mhí a bhí na fáltais, i gcomparáid le idir €63,000 agus €446,000 i 2017. Bhí na meánfháltais mhíosúla i 2018, nuair b'ionann agus €218,000 iad, ní ba lú ná an €242,000 a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán agus a réadaíodh an bhliain roimhe sin.

15 *Ilghnéitheach*

Meastachán: €1.2 milliún, réadaithe: €2.35 milliún

Déantar soláthar san fhotheideal seo d'fháltais bheaga nach gcumhdaítear in aon áit eile faoi fháltais Leithreasaí i gCabhair agus nach raibh coinne leo nuair a bhí na meastacháin á n-ullmhú. Rinneadh soláthar i meastachán 2018 do €1.2 milliún a raibh súil leis, lenar áiríodh seiceanna cealaithe, fáltais bheaga ilghnéitheacha agus gné bheag d'fháltais nach raibh coinne leo.

Bhí an toradh foriomlán €2.35 milliún i 2018 €1.15 milliún ní b'airde ná mar a measadh. Ba é an chúis a bhí leis seo ná roinnt fáltas nach raibh súil leo ag tráth an mheastacháin. Áiríodh leo seo fáltais AE a thacaíonn leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa - cé go raibh an cistiú tar éis ardchéim a bhaint amach i rith 2017, níor taibhíodh an caiteachas a bhaineann leis an bhfáltas go dtí 2018, agus aithníodh an fáltas ar an bhfotheideal seo i 2018 (€500,000), aisíocaíocht iarmhéideanna neamhchaite riaracháin de chuid Pobal (ón mbliain roimhe sin i ndiaidh athbhreithniú a rinneadh ar chostais a choimisiúnaigh Pobal (€529,000) agus i ndiaidh go raibh luach thart ar €200,000 ní b'airde ar na seiceanna a cealaíodh i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

— *Fáltais ó Chlár Cúnaimh Bia an AE*

Meastachán: €3.5 milliún, réadaithe: €4.64 milliún

Tacaíonn an Ciste Cúnaimh Eorpaigh dóibh Siúd is mó is Díothaí (FEAD) le gníomhartha thíortha an AE chun cúnamh ábhartha a sholáthar (bia agus éadaí ina measc) dóibh siúd is mó is díothaí. Sheol an Roinn a chéad éileamh faoin gclár ar aghaidh i Nollaig 2017, agus fuarthas €2.357 milliún i bhFeabhra 2018. Rinneadh an dara héileamh i Nollaig 2018 agus tá súil leis an bhfáltas sin a fháil i Ráithe 1 2019. Fuarthas fáltas €2.283 milliún go déanach i Nollaig 2018, áfach.

## 4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an státchiste

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|

| | €000 | €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid an 1 Eanáir | 2 | 19 |
| Airgead coinsiasa | 6 | 6 |
| Costais finné | 2 | 1 |
| Fíneálacha an Údaráis Phinsean | 4 | 6 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (6) | (30) |
| **Iarmhéid an 31 Nollaig** | **8** | **2** |

## 4.3 Aisghabháil ró-iocaíochtaí cúnaimh leasa

B'ionann a leanas an staid achomair maidir le ró-íocaíochtaí cúnaimh leasa a bhainistigh an Lár-Aonad Fiachais (an LAF) amhail an 31 Nollaig 2018:

| | | 2018 Toradh | | 2017 Toradh |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Ró-íocaíochtaí gan íoc amhail an 1 Eanáir | | 412,170 | | 393,303 |
| Coigeartú[a] | | 483 | | — |
| | | 412,653 | | 393,303 |
| Glan-ró-íocaíochtaí a cuireadh i gcuntas | | | | |
| Calaois amhrasta | 27,152 | | 36,589 | |
| Earráid an éilitheora | 46,786 | | 44,715 | |
| Earráid na Roinne | 2,262 | | 1,250 | |
| Cásanna eastáit | 14,993 | | 14,397 | |
| | | 91,193 | | 96,951 |
| | | 503,846 | | 490,254 |
| Lúide: | | | | |
| Suimeanna a aisghabhadh[b] | (64,490) | | (67,305) | |
| Coigeartú na n-aisghabhálacha[c] | 495 | | 731 | |
| | | (63,995) | | (66,574) |
| Fiachas na bliana roimhe a cealaíodh[d] | | (8,292) | | (9,717) |
| Suimeanna a díscríobhadh mar shuimeanna do-aisghabhála[e] | | (32,162) | | (1,793) |
| Ró-íocaíochtaí gan íoc amhail an 31 Nollaig | | **399,397** | | **412,170** |

Nótaí

[a] Léiríonn an coigeartú ailíniú iarmhéid na ró-íocaíochta a tugadh anonn ó chuntais 2017 leis an liosta d'fhéichiúnaithe ar an CCFF an 1 Eanáir 2018, i ndiaidh gur forbraíodh próiseas feabhsaithe tuairiscithe. Déantar tuairisciú air seo san FCS.

[b] Áirítear leis an méid a aisghabhadh i 2018:

- Breacadh €59 milliún in ioncam maidir le fiachas na bliana roimhe seo.
- Breacadh €5.5 milliún in aghaidh caiteachais maidir le fiachas na bliana reatha.

[c] Rinneadh an coigeartú €495,000 maidir leis na haisghabhálacha a cuireadh i gcuntas i mblianta roimhe seo a cealaíodh i 2018.

[d] Is ionann fiachais chealaithe na bliana roimhe sin €8.3 milliún agus ró-íocaíochtaí a tugadh chun solais i mblianta roimhe sin a cealaíodh i 2018.

[e] I rith 2018, chuir an Roinn tús le clár díscríofa fiachais a tháinig chun solais roimh an mbliain 2011 a measadh a bhí do-aisghabhála. Cuireadh an clár seo ar siúl anuas ar dhíscríobh leanúnach i ngnáthchúrsa an ghnó. Fuarthas cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe don chlár seo faoina ndéantar 33,290 cás, ar an iomlán, ar a bhfuil luach €41.5 milliún a dhíscríobh i rith 2018 (Vóta: €28.9 milliún; an FCS: €12.6 milliún).

## Nóta 5 Soláthair Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe (coibhéisí lánaimseartha)

| an 31 Nollaig | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| **Líon na Foirne ag deireadh na bliana** | | |
| An Roinn | 6,343 | 6,339 |
| Gníomhaireachtaí[a] | 135 | 139 |
| | **6,478** | **6,478** |

Nóta [a] Is éard atá i measc na ngníomhaireachtaí sa nóta seo an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh, an tÚdarás Pinsean agus an Coimisiún um Pá Íseal. Áirítear le figiúirí 2017, chomh maith, Oifig an Ombudsman do Phinsin, a cónascadh leis an Ombudsman um Sheirbhísí Airgeadais ó 1 Eanáir 2018 ar aghaidh.

### 5.2 Pá

**Luach Saothair na Foirne Uile (an Roinn agus gníomhaireachtaí)**

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 295,617 | 292,999 |
| Liúntas ard-dualgais, dualgas speisialta nó dualgais bhreise | 1,168 | 868 |
| Liúntais eile | 360 | 343 |
| Ragobair | 3,087 | 3,305 |
| ÁSPC Fostóra | 19,052 | 18,231 |
| **Pá iomlán** | **319,284** | **315,746** |

**Luach saothair fhoireann na Roinne**

Tagraíonn na socruithe luach saothair a leanas do ghnéithe pá Fhotheidil A.1 (i), A.2 (viii), A.2 (ix), A.23 agus A.42.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 288,001 | 285,436 |
| Liúntas ard-dualgais, dualgas speisialta nó dualgais bhreise | 1,075 | 819 |
| Liúntais eile | 360 | 343 |
| Ragobair | 3,087 | 3,305 |
| ÁSPC Fostóra | 18,332 | 17,584 |
| **Pá iomlán** | **310,855** | **307,487** |

**Luach Saothair na Gníomhaireachta**

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 7,616 | 7,563 |
| Liúntas ard-dualgais, dualgas speisialta nó dualgais bhreise | 93 | 49 |
| Liúntais eile | — | — |
| Ragobair | — | — |
| ÁSPC Fostóra | 720 | 647 |
| **Pá iomlán** | **8,429** | **8,259** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon faighteoirí | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | Íocaíocht uasta aonair | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2018 | 2017 |
| | | | € | € |
| **An Roinn** | | | | |
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 492 | 15 | 42,926 | 19,505 |
| Liúntais eile | 45 | 14 | 12,202 | 11,990 |
| Ragobair | 1,668 | 30 | 16,153 | 16,336 |
| Luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin | 5 | 2 | 18,589 | 5,533 |
| **Gníomhaireacht** | | | | |
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 18 | 2 | 14,717 | 8,053 |

## 5.4 Socruithe eile luach saothair

Áirítear leis an gcuntas seo caiteachas €1.5 milliún maidir le 30 oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn don chuid go léir den bhliain 2018 nó cuid de agus ar íoc an Roinn a dtuarastail. Déanann an Roinn iad seo a fhorchúiteamh ó na heagraíochtaí ábhartha.

## 5.5 Ró-Íocaíochtaí párolla

B'ionann ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €3.1 milliún (1,510 duine aonair) (2017: €3.3 milliún, 1,339 duine aonair). As seo, tá pleananna gnóthaithe i bhfeidhm maidir le ró-íocaíochtaí €1.9 milliún le 984 duine aonair (2017: €1.6 milliún, 270 duine aonair).

Cé gur áiríodh le figiúr ró-íocaíochta 2017 ró-íocaíochtaí measta nach raibh tugtha chun críche go fóill ag deireadh na bliana, ní áirítear le figiúr ró-íocaíochtaí dheireadh na bliana €3.1 milliún cásanna nár tugadh chun críche go fóill.

Aistríodh 17 bplean gnóthaithe ró-íocaíochta, maidir le 13 dhuine aonair, ar luach €17,728 chuig naoi roinn/n-oifig sa bhliain.

## 5.6 Scaoileadh/Iomarcaíocht

I rith 2018, íocadh íocaíochtaí iomarcaíochta le naoi gcomhalta foirne ar cuireadh deireadh lena bhfostaíocht ar luach iomlán €36,802, agus íocadh íocaíocht scarúna €14,162, ar an iomlán, le comhalta foirne amháin.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Costais chúitimh agus dlí

| | | | | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon na gcásan na | Costais dlí a d'íoc an Roinn | Costais dlí a bronnadh | Cúiteamh a bronnadh | Iomlán | Iomlán |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Éilimh ag fostaithe na Roinne** | | | | | | |
| Díobhálacha Pearsanta[a] | 21 | 56 | 44 | 211 | 311 | 121 |
| Sárú ar Acmhainní Daonna/beartais fostaíochta[b] | 4 | — | — | 35 | 35 | 138 |
| **Éilimh ag muintir an phobail** | | | | | | |
| Díobhálacha Pearsanta[c] | 10 | 8 | 26 | 45 | 79 | 57 |
| Scéimeanna Roinne[d] | 482 | — | 151 | 3,470 | 3,621 | 3,411 |
| Eile[e] | 6 | 252 | 177 | — | 429 | 1,286 |
| | | **316** | **398** | **3,761** | **4,475** | **5,013** |

Nóta

[a] B'ionann na costais iomlána maidir le daoine aonair agus idir €113 agus €90,973.

[b] Idir €1,000 agus €15,000 a bhí na costais iomlána. Bhain na cásanna le cás comhionannais faoi alt 31 den Acht um Chomhionannas, 1998, dífhostú éagórach (dhá chás) faoi alt 10 agus 13 den Acht Caidrimh Thionscail, 2015 agus cás an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre faoin Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Shocraithe), 2003.

[c] B'ionann na costais iomlána maidir le daoine aonair agus idir €100 agus €38,285.

[d] Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia, íocaíochtaí mar gheall ar chumhacht ceannaigh a chailleadh agus íocaíochtaí costais dlí a mhéid le €60,446 maidir le Liúntas Cúramóra, Sochar Linbh, Liúntas Cuardaitheora Poist, íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora, Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach), buníocaíocht Liúntas Leasa Forlíontach, íocaíochtaí ar Riachtanais Eisceachtúla agus Phráinneacha Liúntas Leasa Forlíontach, íocaíochtaí Neachtlanna Magdalen agus Institiúidí eile agus Scéimeanna Pinsin Chriostal Phort Láirge.

[e] Idir €7,660 agus €150,730 a bhí na costais iomlána. Bhain na cásanna le teidlíochtaí pinsin, cás maidir leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoin Acht um Chosaint Fostaíochta, 1977, diúltú cead pósta, aitheantas colscartha eachtraigh, clárú breithe agus aitheantas pósta.

## 6.2 Ús ar íocaíocht dhéanach

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Íocaíochtaí úis | 3 | 9 |

## 6.3 Cistí an AE

**An Ciste Cúnaimh Eorpaigh dóibh Siúd is mó is Díothaí**

Fuarthas cistiú €4.64 milliún ón AE maidir le clár an Chiste Cúnaimh Eorpaigh dóibh Siúd is mó is Díothaí (FEAD) a thacaíonn le gníomhartha thíortha an AE chun cúnamh ábhartha a sholáthar (bia agus éadaí ina measc) dóibh siúd is mó is díothaí. Taibhíodh caiteachas €9 milliún nuair a bhí an clár seo á oibriú a fhad le Nollaig 2018. Soláthraíonn an AE cistiú do Bhallstáit agus cuireann na Ballstáit 15% de luach an chistithe seo, ar a laghad, leis. Tá an caiteachas incháilithe a fhad leis an 31 Nollaig 2023.

**Clár Oibríochtúil um Infheistíocht i gCaipiteal Daonna Chiste Sóisialta na hEorpa,**

Fuarthas suim €184,824 ón AE maidir leis an tionscadal um Ghníomhachtú Míchumais (DACT) arbh é sin an íocaíocht deiridh dúnta don tionscadal. Clár trasghníomhaireachta a bhí i dtionscadal DACT atá comhchistithe ag an Roinn agus Ciste Sóisialta na hEorpa, an Clár Oibríochtúil um Infheistíocht i gCaipiteal Daonna 2007-2013.

**Seirbhísí Eorpacha Fostaíochta**

Fuarthas cistiú €55,784 ón AE maidir le EURES (Seirbhísí Eorpacha Fostaíochta) chun saorghluaiseacht oibrithe a éascú ar fud limistéar an AE/an LEE. Eagraíonn an Coimisiún Eorpach EURES go lárnach agus riarann an tSeirbhís Fostaíochta Poiblí é sna Ballstáit. Aisíocadh cistiú €30,540 lenár gcontrapháirteanna EURES sa Fhrainc agus baineann sé le híocaíocht a tugadh d'EURES Éireann i 2016 do Liúntais Airgeadais nár úsáideadh. Aisíocadh cistiú €5,788 lenár gcontrapháirteanna EURES san Iodáil agus b'íocaíocht réamh-mhaoinithe í a tugadh d'EURES Éireann i 2015 nár fhaomh Coimisiún an AE.

Fuarthas suim €32,194, chomh maith, ó chlár EaSI (Fostaíocht agus Nuálaíocht Shóisialta) arbh é iarmhéid na híocaíochta a bhí le híoc maidir le cistiú 2017 maidir le comhpháirtíocht Trasteorann EURES (Seirbhísí Eorpacha Fostaíochta) na hÉireann/Thuaisceart Éireann chun saorghluaiseacht oibrithe a éascú.

**Saotharlanna EP-DeM - Saotharlanna Cothromais, Rannpháirtíochta, Cinnteoireachta**

Fuarthas suim iomlán €12,069 ón AE maidir le tionscadal comhchistithe an AE, EP-DeM Labs - Saotharlanna EP-DeM - Saotharlanna Cothromais, Rannpháirtíochta, Cinnteoireachta (An Óige ag Aistriú i gcathracha na hEorpa). Bhí an tionscadal seo ar bun ó Eanáir 2016 go dtí Eanáir 2018. Lorg Saotharlanna EP-DeM chun daoine óga faoi mhíbhuntáiste idir 16 agus 24 bliain d'aois a spreagadh chun gnímh agus a chumasú i dtráthanna aistrithe ar fud 4 chathair/réigiún san Eoraip chun a nglórtha a chur in iúl, tionscadail agus áiríodh leo bearta atá dírithe ar a leibhéal oideachais agus infhostaitheachta a fheabhsú a chomhfhorbairt agus a chomhsholáthar.

**Ciste na Saoráide um Chónascadh na hEorpa**

Cuireadh suim cistiú €500,000 do shochar Leithreasaí i gCabhair (Ilghnéitheach) maidir le Ciste na Saoráide um Chónascadh na hEorpa (an SCE) agus taibhíodh an caiteachas céanna i 2018 a gearradh ar Fhotheideal A.2(v) Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF. Cabhraíonn an SCE le Ballstáit chun Malartú Leictreonach Faisnéise Slándála a chur i bhfeidhm go náisiúnta. Tá an RGFCS agus FSS ag oibriú as lámh a chéile chun seo a chur i bhfeidhm.

## Aguisín A An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí Achoimre ar Chaiteachas Clár

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €m | €m |
| **Vóta 37** | | |
| **Ollchaiteachas** | **10,934** | **11,035** |
| | | |
| ***Lúide caiteachas neamhscéime*** | | |
| Riarachán | (541) | (521) |
| Deontas leis an mBord um Fhaisnéis do Shaoránaigh | (55) | (53) |
| Deontais leis an gCoimisiún um Pá Íseal agus le hOifig an Ombudsman do Phinsin | (1) | (1) |
| Seirbhísí ilghnéitheacha | (3) | (2) |
| **Caiteachas scéime Vóta 37 (A)** | **10,334** | **10,458** |
| | | |
| **An CÁS** | | |
| **Ollchaiteachas** | 10,056 | **9,516** |
| | | |
| ***Lúide caiteachas neamhscéime*** | | |
| Riarachán | (209) | (274) |
| Tobhach Náisiúnta Oiliúna | (566) | (431) |
| **Caiteachas scéime an CÁS (B)** | **9,281** | **8,811** |
| | | |
| **Caiteachas iomlán scéime na Roinne (A+B)** | **19,615** | **19,269** |

## Miondealú ar chaiteachas scéime

| **Íocaíochtaí de réir Scéime agus Catagóire** | **2018** | **2017** |
|---|---|---|
| | **€m** | **€m** |
| **Pinsin** | | |
| Pinsin Stáit (Ranníocach) | 5,217 | 4,916 |
| Pinsin Stáit (Neamh-Ranníocach) | 1,020 | 995 |
| Pinsean Baintrí/ Baintreach Fir/ Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh | 1,511 | 1,466 |
| Sochar Báis agus Deontas Méala | 10 | 10 |
| **Iomlán** | **7,758** | **7,387** |
| | | |
| **Tacaíochtaí Ioncaim Aois Oibre** | | |
| Liúntas Cuardaitheora Poist | 1,841 | 2,103 |
| Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora | 511 | 498 |
| Sochar Cuardaitheora Poist | 339 | 340 |
| Sochar Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta | 24 | 29 |
| Sochar Máithreachais | 265 | 256 |
| Sochar Atharthachta agus Sochar Uchtaíoch | 12 | 13 |
| Liúntas Bunúsach Leasa Forlíontach | 112 | 97 |
| Cúnamh Feirme | 74 | 78 |
| Sochar Banchéile Thréigthe | 73 | 73 |
| Aois Oibre Eile – Tacaíochtaí Ioncaim | 15 | 15 |
| Íocaíochtaí ar Riachtanais Eisceachtúla agus Phráinneacha | 42 | 38 |
| Sochair Cóireála agus Sochar Sláinte agus Sábháilteachta | 98 | 42 |
| Pinsean Baintrí, Baintreach Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamh-Ranníocach) | 14 | 14 |
| Liúntas Banchéile Thréigthe | 1 | 1 |
| **Iomlán** | **3,421** | **3,597** |
| | | |
| **Íocaíochtaí Forlíontacha** | | |
| Liúntas Cíosa | 1 | 1 |
| An Ciste Cúnaimh Eorpaigh dóibh Siúd is mó is Díothaí (an CCED) | 5 | 3 |
| Neachtlanna Magdalen agus Íocaíochtaí Institiúidí eile | 3 | 3 |
| Forlíonadh Cíosa | 175 | 231 |
| Pacáiste Sochair Teaghlaigh | 247 | 232 |
| Liúntas Breosla | 241 | 229 |
| Saorthaisteal | 87 | 77 |
| Forlíonadh Ús Morgáiste | — | 4 |
| **Iomlán** | **759** | **780** |

| Tacaíochtaí Fostaíochta Aois Oibre | 2018<br>€m | 2017<br>€m |
|---|---|---|
| Clár Fostaíochta Pobail | 353 | 351 |
| Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas | 79 | 94 |
| Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair | 90 | 115 |
| Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair | 21 | 24 |
| Scéim Socrúchán Oibre Pobail TÚS | 106 | 109 |
| JobsPlus | 23 | 29 |
| An Scéim Fóirdheontas Pá | 22 | 21 |
| Aois Oibre Eile – Tacaíochtaí Fostaíochta, an Scéim Tacaíochta d'Fhostaíocht Óige ina measc | 34 | 43 |
| Clár Seirbhísí Pobail | — | 42 |
| Scéim Shóisialta Tuaithe agus Gateway | 50 | 48 |
| Tionscnamh Post | 18 | 19 |
| Sochar Cumais Pháirtigh | 18 | 16 |
| **Iomlán** | **814** | **911** |
| | | |
| **Breoiteacht, Míchumas agus Cúramóirí** | | |
| Liúntas Míchumais | 1,586 | 1,469 |
| Sochar Breoiteachta | 623 | 599 |
| Pinsean Easláine | 694 | 673 |
| Íocaíocht Cúramóra | 834 | 766 |
| Deontas Tacaíochta Cúramóra | 204 | 193 |
| Liúntas Cúram Baile | 168 | 152 |
| Sochar Míthreorach | 77 | 77 |
| Pinsean na nDall | 13 | 13 |
| Sochar Díobhála agus Cúram Leighis | 18 | 20 |
| Tacaíochtaí Gníomhachtaithe Míchumais | 14 | 10 |
| **Iomlán** | **4,231** | **3,972** |
| | | |
| **Leanaí** | | |
| Sochar Linbh | 2,097 | 2,086 |
| Íocaíocht Teaghlaigh Oibre | 411 | 415 |
| Liúntas Éadaí agus Coisbhirt chun Filleadh ar Scoil | 47 | 49 |
| Béilí Scoile | 49 | 47 |
| Íocaíochtaí a bhaineann le Leanaí | 28 | 25 |
| **Iomlán** | **2,632** | **2,622** |
| | | |
| **Glanchaiteachas ar na scéimeanna go léir** | **19,615** | **19,269** |

## Aguisín B Cuntais ar chomhlachtaí agus cistí faoi choimirce na Roinne Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí cistithe faoi choimirce na Roinne agus sa chás go bhfuil oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Tugtar le fios ann, ag an dáta a síníodh an cuntas, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais dheireanacha a ndearnadh iniúchadh orthu agus cathain a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

| Ciste Comhlachta / Roinne | Tréimhse dheireanach chuntasaíochta | Dáta na tuarascála iniúchóireachta | Dáta faighte ag an Aire/ Roinn | An dáta ar cuireadh faoi bhráid an Oireachtas é |
|---|---|---|---|---|
| Ciste Sóisialta na hEorpa | 2017 | 31 Lún 2018 | — | 21 Sam 2018 |
| An tÚdarás Pinsean | 2018 | 21 Meith 2019 | 26 Meith 2019 | 25 Iúil 2019 |
| An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh | 2017 | 29 Sam 2018 | 12 Noll 2018 | 14 Noll 2018 |